



Coimisiún
na Meán

Ceannasaí Saoráidí agus Comhlíonta

Grád Phríomhoifigigh Cúnta
Seirbhísí Corparáideacha

Pacáiste Faisnéise Iarratasóra



Márta 2026

A larratasóir, a chara,

Go raibh maith agat as spéis a léiriú i ról an Cheannasaí Saoráidí agus Comhlíonta.

Agus tú ag obair i gCoimisiún na Meán, cabhróidh tú le tírdhreach meán rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a chruthú, a oibríonn do dhaoine in Éirinn agus ar fud an AE.

Cabhróidh tú linn tírdhreach na meán a rialáil, a thacú agus a fhorbairt. Cabhróidh tú le cearta bunúsacha gach duine a chosaint agus a chinntiú go leanfaimid de bheith ag maireachtáil i sochaí dhaonlathach oscailte.

Tá ár n-eagraíocht ag fás go tapa. D'fhás muid ó 40 duine go 300 inár gcéad trí bliana. Tagann ár ndaoine ó raon leathan cúlraí: na hearnálacha ar líne agus na meán, an tsochaí shibhialta, an tseirbhís phoiblí, an saol acadúil agus gairm an dlí. Táimid bródúil as na deiseanna a thugaimid d'fhás gairmiúil. Táimid tiomanta d'fhórsa saothair a bheith againn a léiríonn éagsúlacht na sochaí ar a bhfreastalaímid.

Tá lúcháir orainn a bheith ag earcú do Cheannasaí Saoráidí agus Comhlíonta. Cuirfidh an ról seo le seachadadh na straitéise a ghlacamar níos luaithe i mbliana. Cuirfidh sé lenár sprioc[anna] a chinntiú go mbeidh tírdhreach na meán cumarsáide in ann:

- seasamh le cearta, folláine agus forbairt leanaí
- tacú leis an daonlathas agus le luachanna daonlathacha
- bheith mar cheann a bhfuil muinín ag tomhaltóirí as ionas go gcosnófar iad ó dhúshaothrú agus ó chalaois
- cultúr na hÉireann agus cé muid féin mar shochaí a léiriú agus a mhúnlú
- luachanna an cheartais, an chomhionannais, na héagsúlachta agus an chuimsithe a chur chun cinn
- sláinte agus sábháilteacht an phobail a neartú

Má chreideann tú go bhfuil an deis seo ag teacht le do chuid scileanna agus má thugann sé deis fás go gairmiúil, bheimis ar bís cloisteáil uait agus spreagfainn duit iarratas a dhéanamh.

Is mise le meas

Jeremy Godfrey, Cathaoirleach Feidhmiúcháin



Clé go Deas: Rónán Ó Domhnaill, Niamh Hodnett, Jeremy Godfrey, Aoife MacEvilly, John Evans

Ár bhFís agus ár Misean



Is í an fhís atá againn ná tírdhreach meán rathúil, éagsúil, cruthaitheach, sábháilte agus iontaofa a chinntiú.




Déanaimid tírdhreach na meán a rialáil, a thacú agus a fhorbairt atá mar bhonn agus mar thaca ag cearta bunúsacha agus a chothaíonn sochaí oscailte, dhaonlathach agus iolraíoch.

Ár Réimsí Torthaí Straitéiseacha



Ár Luachanna



Eolas Faoin Ról Seo

Cuspóir an Róil

Tá ról ríthábhachtach ag an gCeannasaí Saoráidí agus Comhlíonta i dtreorú na foirne saoráidí agus i dtimpeallacht oibre atá sábháilte agus fáilteach a sholáthar don eagraíocht dá foireann. Beidh an t-iarrthóir rathúil freagrach freisin as a chinntiú go gcomhlíonfaimid ár n-oibleagáidí reachtúla agus ár spriocanna eagraíochtúla i réimsí na hInbhuanaítheachta, na hInrochtaineachta agus Dualgas Earnála Poiblí Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC).

Beidh tú ag obair le Coimisiún na Meán ag am an-spreagúil agus an eagraíocht ag iarraidh a spás oifige a leathnú chun freastal ar líon méadaithe foirne agus chun ár dtimpeallacht oifige a dhearadh agus a chur ar fáil chun freastal ar riachtanais na heagraíochta.

Maidir leis an bhFeidhm Saoráidí

Agus tú ag tuairisciú don Stiúrtóir Rialachais agus Rúnaíochta, tá an Ceannasaí Saoráidí agus Comhlíonta i gceannas ar cheann de cheithre fhoireann atá i Rannóg Seirbhísí Corparáideacha Coimisiún na Meán, mar aon le Forbairt Daoine & Eagrúcháin, Athrú & Feabhsú Gnó, agus Airgeadas & Soláthar.

Tá Ceannasaí Saoráidí agus Comhlíonta, Bainisteoir Saoráidí agus Oifigeach Feidhmiúcháin Saoráidí ar an bhFoireann Saoráidí Inmheánach.

Déantar seirbhísí cosúil le glanadh, slándáil agus cothabháil a sheachfhoinsiú chuig soláthraí seachtrach Bainistíochta Saoráidí, a sholáthraíonn roinnt acmhainní ar an láthair freisin.

Tá an fheidhm Saoráidí freagrach as timpeallacht oibre shábháilte agus shlán a sholáthar don fhoireann, do chonraitheoirí agus do chuairoteoirí.



Coimisiún
na Meán

Príomhfhreagrachtaí

- Seirbhísí bainistíochta saoráidí a threorú agus a bhainistiú ag Coimisiún na Meán, de réir an dea-chleachtais, ag cinntiú luach ar airgead, agus ag comhlíonadh rialacháin sábháilteachta sláinte, dlí agus comhshaoil.
- Maoirseacht a dhéanamh ar sholáthar agus ar shuiteáil troscáin oifige nua, lena n-áirítear spás oifige a athchumrú chun freastal ar riachtanais eagraíochtúla.
- Maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas chun spás oifige breise a fháil chun tacú le foireann na heagraíochta atá ag fás.
- Oibriú i gcomhar le rannóga eile agus naisc láidre a choinneáil le foirne éagsúla, lena n-áirítear na Foirne Cumarsáide Inmheánaí, TFC agus Airgeadais.
- Maoirseacht a dhéanamh ar phróisis soláthair do sholáthraithe saoráidí seachtracha agus conarthaí a bhainistiú nuair is gá.
- Buiséid, réamhaisnéisí, rialuithe costais agus tuarascálacha caiteachais le haghaidh Saoráidí a ullmhú agus a chur i láthair.
- Maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm an Ráitis Sláinte & Sábháilteachta, ag cinntiú go gcomhlíontar reachtaíocht agus dea-chleachtas chun timpeallacht shábháilte a sholáthar don fhoireann (ar an láthair agus lasmuigh den láthair), do chonraitheoirí, d'fhoichonraitheoirí agus do chuairoteoirí chuig áitreabh an Choimisiúin.
- Maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar sheachadadh clár oiliúna sláinte agus sábháilteachta don fhoireann.
- Straitéis chothabhála chuí a fhorbairt agus a bhainistiú agus clár cothabhála pleanáilte a chur i bhfeidhm.
- Maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh Shainordú Gníomhaithe ar son na hAeráide na hEarnála Poiblí.
- Bainistiú agus seachadadh cuspóirí agus freagrachtaí eagraíochtúla a threorú maidir le hoibleagáidí Inbhuanaitheachta, Inrochtaineachta agus Dualgais Earnála Poiblí IHREC, agus ceannaireacht a dhéanamh ar choistí inmheánacha ábhartha nó páirt a ghlacadh iontu.

Tá an méid thuas beartaithe mar threoir ar raon ginearálta na ndualgas agus tá sé beartaithe nach mbeidh sé cinntitheach ná sriantach agus tá sé faoi réir athbhreithnithe.



Eolas Fút

Taithí, Scileanna, Eolas & Cáilíochtaí

Critéir Riachtanacha

- Cuntas teiste cruthaithe maidir le bainistiú saoráidí 'is fearr'.
- Eolas cothrom le dáta ar reachtaíocht ábhartha, lena n-áirítear dlí soláthair an AE, tíolacadh, sláinte agus sábháilteacht, agus rialacháin foirgníochta.
- Taithí láidir i mbainistíocht agus riarachán conartha dea-chleachtais, go háirithe slabhraí soláthair seachfhoinsithe a bhainistiú.
- Sárscileanna TF lena n-áirítear Microsoft office, tionscadail, excel, córais CRM.
- Taithí inléirithe ar bhainistiú airgeadais lena n-áirítear ullmhú buiséid agus réamhaisnéisí.
- Sárscileanna cumarsáide leis an gcumas caidreamh dearfach a chothú le páirtithe leasmhara ag gach leibhéal.
- Taithí ar rioscaí a aithint agus a bhainistiú agus ar chórais a chur chun feidhme chun iad a mhaolú go héifeachtach.
- Cuntas teiste cruthaithe maidir le hathrú a bhainistiú agus cultúr feabhsaithe leanúnaigh a chur chun cinn.
- Tuiscint láidir ar oibleagáidí na hearnála poiblí, lena n-áirítear bainistiú saoráidí, sláinte agus sábháilteacht, agus slándáil foirne.
- Cuntas teiste cruthaithe maidir le foirne éagsúla a threorú, a bhainistiú agus a fhorbairt, agus

Critéir Inmhianaithe

- Taithí ábhartha san earnáil phoiblí.
- Deimhniú bainistíochta tionscadail.
- Tuiscint ar oibleagáidí na hearnála poiblí i nDualgas Earnála Poiblí IHREC, inbhuanaitheacht agus inrochtaineacht.



Príomhfhaisnéis

Sochair, Pacáiste & Pá

- Tairgtear an post seo ar bhonn buan
- Lánaimseartha, 35 uair in aghaidh na seachtaine
- Saoire Bhliantúil: 30 lá in aghaidh na bliana
- Ról hibrideach a bheidh sa ról ina mbeidh meascán d'obair sa bhaile agus san oifig. Táthar ag súil le láithreachta rialta ar an láthair, agus meastar go mbeidh an t-iarrthóir rathúil in-theagmhála lasmuigh de chroíuaireanta más gá.
- Tá ár n-oifig lonnaithe ag a hAon Foirgnimh Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Baile Átha Cliath 4, D04 NP20.
- Féach ár suíomh gréasáin [anseo](#) le haghaidh liosta iomlán sochar
- Tá an post seo grádaithe ar [scála](#) Phríomhoifigigh Cúnta .
- Ceapfar iarrthóirí a n-éireoidh leo iarrthóirí a n-éireoidh leo ar an gcéad phointe den scála.

Próiseas Iarratais

Má tá suim agat iarratas a dhéanamh ar an bpost seo, cuir na nithe seo a leanas isteach:

- CV (2 leathanach ar a mhéad) agus litir chlúdaigh/ráiteas pearsanta (1 leathanach ar a mhéad) ina leagtar amach cén fáth a gcreideann tú go gcomhlíonann do scileanna, taithí agus luachanna riachtanais an phoist **trí ANSEO**
- Tá ceapachán ar an ról seo faoi réir incháilitheacht an iarrthóra chun oibriú in Éirinn. Éilíonn gach post ar iarrthóirí cónaí i bPoblacht na hÉireann nó i dTuaisceart Éireann.
- Déanfar iarrthóirí a théann i mbun canbhasála a dhícháiliú agus a eisiamh ón bpróiseas

Ní bhreithneofar iarratais dhéanacha nó iarratais nach bhfuarthas tríd an gcainéal ceart, mar a léirítear thuas.

Má tá ceisteanna agat a bhaineann leis an bpróiseas iarratais nó roghnúcháin a bhaineann leis an ról seo, déan teagmháil le cnam@cpl.ie

Déan athbhreithniú ar ár Ráiteas Príobháideachais [Ráiteas Príobháideachais - Coimisiún na Meán](#) sula ndéanann tú iarratas.



Muín



Iarmhairt



Misneach



Neamhspleáchas



Dírthe ar dhaoine



Ionracas

Inniúlachtaí

Féach liosta na n-inniúlachtaí thíos a mheasúnófar ag céim an agallaimh don chomórtas seo. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi na hinniúlachtaí, téigh chuig ár [gceisteanna coitianta](#).

Ceannaireacht

Breithiúnas, Anailís agus cinnteoireacht

Bainistíocht agus Baint Amach Torthaí

Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide

Saineolas, Oilteacht agus Féinhorbairt

Treallús & Tiomantas do Luachanna & Tiomantas do Luachanna Seirbhíse Poiblí

An Próiseas Roghnúcháin

Áireofar sa phróiseas roghnúcháin:

Iarrthóirí a ghearrliostú bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil ina n-iarratas, arna measúnú in aghaidh na gcritéar sonraithe don ról.

- Réamhagallamh bunaithe ar inniúlacht
- Agallamh dara babhta d'iarrthóirí ar éirigh leo sa chéad bhabhta, lena n-áireofar cur i láthair nó cleachtadh praiticiúil eile

Beidh an chéad agallamh ar siúl trí MS Teams. Déanfar an dara hagallamh i láthair go pearsanta inár n-oifig i mBaile Átha Cliath.

Socruithe Réasúnta

Cuirfear socruithe réasúnta ar fáil, más gá, le linn an phróisis earcaíochta. Chun socruithe réasúnta faoi rún a phlé agus a iarraidh téigh i dteagmháil le Angeline McKiernan ag amckiernan@cnam.ie

Is fostóir comhdheiseanna é Coimisiún na Meán. Cuirimid fáilte roimh iarratais ó iarrthóirí a bhfuil cúlraí éagsúla acu agus táimid tiomanta d'fhórsa saothair cuimsitheach agus éagsúil a chur chun cinn a léiríonn Éire na linne seo. Oibrímid chun cultúr a chruthú ina bhfuil rochtain chomhionann ag gach duine ar dheiseanna agus ina mbraitheann siad compordach iad féin a chur i láthair go dílis ag an obair.

Dáta Deiridh: 3in 9 Aibreán 2026

